Réamhobair: TEANGACHA

Mandairínis	Cantainise	
		Teangacha eile ar eolas agam:

Ceisteanna le cur ar do chara:

An labhraíonn tú _____?
Freagra: Labhraím / Ní labhraím

An bhfuil _____ agat?
Freagra: Tá / Níl

Cad iad **na dúshláin** agus **na deiseanna** cosúla / difriúla a bhaineann le freastal ar scoil nua agus taisteal go tír eile?



FEASACHT FOGHLAIMEORA

1= Ní aontaím ar chor ar bith
2= Ní aontaím
3= Nílim cinnte
4 = Aontaím
5 = Aontaím go huile is go hiomlán

Is maith liom Gaeilge a fhoghlaim.	1 2 3 4 5
Is maith liom Gaeilge a labhairt.	1 2 3 4 5
Ceapaim go bhfuil teangacha deacair.	1 2 3 4 5
Éistim go géar leis an múinteoir.	1 2 3 4 5
Tá Gaeilge agam ach tá eagla orm í a labhairt.	1 2 3 4 5
Táim sásta botúin a dhéanamh sa rang.	1 2 3 4 5
Foghlaimím ó na botúin a dhéanaim.	1 2 3 4 5
Caithim dóthain ama ar m'obair bhaile.	1 2 3 4 5
Bím cúramach le litriú.	1 2 3 4 5

Deacrachtaí ag foghlaim teanga:

Fuaimeanna, Comhréir, Cleachtadh, Litriú, Féinmhuinín

Déan liosta de na deacrachtaí is mó atá agatsa mar fhoghlaimeoir, ag tosú leis an gceann is mó:

1.
2.
3.
4.
5.

Mo Spriocanna Féin: Ar chúl do chóipleabhair, scríobh do spriocanna féin chun feabhas a chur ar do chuid Gaeilge.

(Gaeilge nó Béarla ceadaithe)

A. Ceisteanna Bunúsacha (0:00 – 3:40)

1. Cá raibh an siopa suite, dar leat? Cá bhfios duit?
2. Cén gearán a bhí ag an gcustaiméir ag tús an scannáin?
3. Cén sórt oibre a bhí ar siúl aige sa siopa?
4. An maith leis a phost meas tú? Cá bhfios duit?
5. Cén fáth a raibh fearg ar an mbainisteoir?
6. Cá ndeachaigh sé ina dhiaidh sin?
7. Cad a rinne sé leis an gcruinneog?
8. Cad a fuair sé ar iasacht?
9. Cad a bhí ar siúl aige os comhair an scátháin?
10. Conas a bhí an aimsir nuair a thuirling an t-eitleán?

B. OBAIR BHEIRTE

Cad atá ar eolas againn faoi Yu Ming?

Éadaí agus Cuma

Caitheamh Aimsire agus Post



Tréithe

Mothúcháin (ag an bpointe seo)

C. Líon na bearnaí le heolas ón ngraific thuas

Tá gruaig _____ _____ ar Yu Ming. Tá _____

air. Is duine _____ _____ é. Caitheann sé a chuid ama _____.

D. Bain úsáid as an sliocht thuas chun alt a scríobh i do chóipleabhar ar an duine in aice leat.

Mínigh an riail:

Caitheann sé a c**h**uid ama / Caitheann sí a cuid ama /

Caitheann siad a **g**cuid ama.

E. Líon isteach an greille le heolas fút féin:

sé	**mé**
Tá gruaig dhonn **air.**	
Is duine cairdiúil **é.**	
Is as Corcaigh **é.**	
Rugadh i nGaillimh **é.**	
Caitheann sé a chuid ama ag imirt leadóige agus ag seinm ceoil.	
Is maith **leis** bheith ag féachaint ar an teilifís.	
Tá deartháir amháin **aige.**	
Pól is ainm **dó**.	
Tá deirfiúr amháin **aige.**	
Ciara is ainm **di.**	

F. Bain úsáid as aiseolas an mhúinteora chun piarmheasúnú a dhéanamh ar do chara. Ansin, scríobh alt go cúramach i do chóipleabhar bunaithe ar na habairtí a chruthaigh tú thuas.

G. Líon isteach na bearnaí leis an gceist/ mbeannacht chuí

_____

Dia is Muire duit.

_____

Tá mé go maith, go raibh maith agat.

_____

Yu Ming is ainm dom.

_____

Tá mé i mo chónaí sa Spidéal i gContae Gaillimhe faoi láthair.

_____

Is as an tSín mé.

_____

Táim ag obair i siopa beag.

_____

Cabhraím leis na custaiméirí agus líonaim na seilfeanna.

_____

Ní maith, chun an fhírinne a rá. Táim tuirseach bréan den obair.

_____

OBAIR BHEIRTE

Anois, cuir ceithre cheist a scríobh tú thuas ar do chara.

Gaeilge amháin

Ceistiúchán

Cad is ainm duit?

_____

Cá bhfuil tú i do chónaí?

_____

Cad as duit?

_____

Cá bhfuil tú ag freastal ar scoil?

_____

Cén sórt scoile í?

_____

Cá ndeachaigh tú ar bhunscoil?

_____

Cén éide scoile a chaitheann tú?

_____

An bhfuil aon teanga eile á foghlaim agat ar scoil?

_____

Iarracht ➡ **Botúin** ➡ **Ceartúcháin** ➡ **Feabhas** ☺

Ceartúcháin

FEASACHT TEANGA

Béarla:	Ainmní +	Briathar/Gníomh +	Cuspóir/Rud
Samplaí:	I	built	a wall.
	He	washed	his hands.
	The school	rang	my Mam.

Gaeilge: _____

Sampaí: _____

_____

_____

Plé Ranga: Seachain an Béarlachas!

Béarla	Gaeilge chruinn
I got dressed.	
I got scared.	
I am lonely.	
It disappointed me.	
(Did you hear?) Yes!	
I have brown hair.	

STÓR FOCAL

			

OBAIR GHRÚPA: Iarrfar ort alt beag a scríobh ar an gcéad chuid den scannán i do chóipleabhar

Abairtí / Briathra / Frásaí úsáideacha ar eolas againn cheana	Abairtí / Briathra / Frásaí de dhíth orainn



CUID B: (3:40 ar aghaidh)

Comharthaí Gaeilge

1. Líon isteach na comharthaí a fheiceann Yu Ming nuair a shroich sé BÁC.
2. Críochnaigh an greille le samplaí eile de na comharthaí Gaeilge a fheicimid thart timpeall orainn

Ceisteanna Bunúsacha ar Cuid B (3:40 – 8:00)

1. Cá ndeachaigh Yu Ming ar dtús?

_____

2. Cad a bhí á lorg aige?

_____

3. Cén deacracht a bhí aige?

_____

4. Cad as dó?

_____

5. Cén sórt ceoil a bhí á sheinm sa bhialann?

_____

6. Cén fáth a raibh sé ag streachailt lena bhia?

_____

7. Cár shuigh sé nuair a d'fhág sé an bhialann?

_____

8. Cén cheist a chuir sé ar an dealbh? (sa Ghaeilge)

_____

9. Conas a mhothaíonn tú ag an bpointe seo den scannán? Cén fáth?

_____

_____

Éisteacht

1. Líon na bearnaí
2. Féach ar an gcuid seo den scannán agus ceartaigh d'obair

Iarracht → Botúin → Ceartúcháin → Feabhas ☺

thuigeann, deoch, labhraítear, ceantar, botún, tSín, fógra, chónaí, foghlaim, mó, maith, fearr, Shasana

- Suigh síos a mhac agus ceannóidh mé _____ duit. Cad is ainm duit?

- Yu Ming. Yu Ming is ainm dom. Tháinig mé inné ón _____.

- Inné? Agus labhraíonn tú Gaeilge?

- D'fhoghlaim mé an teanga mar ba mhaith liom bheith i mo _____ in Éirinn. Ach, níl mo chuid Gaeilge go maith. Ní _____ éinne cad a deirim. Chaith mé sé mhí ag _____ Gaeilge. Ceapaim gur _____ é. B'fhéidir nár smaoineamh _____ é.

- Ach tá Gaeilge níos _____ agat ná an chuid is _____ daoine sa tír seo.

- Ní thuigim.

- Labhraítear Béarla anseo.

- Béarla?

- Béarla. Ó _____.

- Ní labhraítear Gaeilge?

- Ní _____.

- Ach ar gach _____…

- Bhuel, tá an teanga ann ach ní labhraítear í ach i gcúpla _____ in Éirinn.

10. Déan cur síos ar an Spidéal agus an sórt lae a bhí ann ag deireadh an scannáin

_____

_____

_____

_____

_____

Plé Ranga

Conas a úsáidtear ceol agus dathanna go héifeachtach sa scannán chun dul i bhfeidhm ort?

Scríobh na focail nua ón bplé / obair an chláir i do chóipleabhar

_____

_____

_____

_____

Rólghlacadh

1) Lean na treoracha **Béarla** ar do chárta.
2) Éist nuair a cheartaíonn do chara tú agus abair arís é.
3) Nuair a labhraíonn do chara Gaeilge, léigh amach é focal ar fhocal ó do chárta féin chun cabhrú leis.
4) Déan malairt le do chara
5) Déan an comhrá gan na cártaí.

Cárta Poist

Is tusa Yu Ming. Scríobh an cárta a chuirfeá abhaile chuig do thuismitheoirí.

- Na deacrachtaí a bhí agat i dtosach
- An bia
- Daoine ar bhuail tú leo
- Do phost nua in óstán

Comhréir	Gluais oiriúnach
Bhí Baile Átha Cliath _____ agus / ach _____.	*go deas / aisteach / go hálainn / salach / suimiúil / míchairdiúil / uaigneach / deacair / difriúil*
Bhí _____ orm. Chuir an áit _____ orm.	
Chuaigh mé go dtí _____. Lorg mé _____.	
Bhuail mé le _____ sa _____.	
Ba dhuine _____ _____ é.	
Is maith liom _____. / Is breá liom _____.	

Nathanna: creid nó ná creid, I ndáiríre píre!, caithfidh mé a rá, ar chor ar bith, A thiarcais!, áfach, i dtosach , i mo thuairim, freisin

Scríobh plean ar na nathanna agus stór focal a úsáidfidh tú i do chóipleabhar.

Crítéir Ratha

- ✓ Seoladh
- ✓ Beannú
- ✓ 2 abairt / chlásal do gach pointe
- ✓ Stór Focal Nua
- ✓ Nathanna x 4 ar a laghad
- ✓ Aimsir cheart
- ✓ Briathar + Ainmní + Cuspóir (féach ar 'feasacht teanga')
- ✓ Síniú

Déanta go maith:

Le feabhsú:

Cabhair de dhíth le:

Nuair a cheartaítear agus fheabhsaítear do chárta poist, scríobh é go cúramach i do phunann.

Conas a athraíonn Yu Ming ó thús go deireadh an scannáin?

Pointe	Tréite / Mothúcháin
Ag obair sa siopa	
Ag casadh na cruinneoige	
Ag foghlaim na Gaeilge	
Ag an aerfort	
Sa bhrú	
Sa bhialann	
Sa teach tábhairne i dtosach	
Ag caint le Paddy	
Ag obair sa Spidéal	



Is féidir liom:

An Ghaeilge a úsáid mar phríomhtheanga sa rang agus treoracha ginearálta an mhúinteora a leanúint	
Clár ama a líonadh le m'ábhair scoile féin	
Na hábhair scoile a ainmniú agus mo thuairim a thabhairt ar roinnt díobh	
Forbairt a dhéanamh ar thuairim	
Cur síos a dhéanamh ar mo sheomra ranga féin agus mo scoil	
Ceisteanna a chur agus a fhreagairt chun aithne a chur ar dhaoine	
An t-am a léamh	
Cur síos a dhéanamh ar m'éide scoile	
Laethanta na seachtaine a úsáid in abairtí	
Alt a scríobh ar mo shaol ar an scoil nua	
Roinnt difríochtaí bunúsacha idir comhréir na Gaeilge agus comhréir an Bhéarla a aithint agus an t-eolas seo a úsáid chun Béarlachas a sheachaint	
Mo dheacrachtaí féin a thuiscint agus spriocanna pearsanta a dhéanamh i gcomhair na Gaeilge	
Na réamhfhocail 'le' agus 'do' a úsáid go cruinn	
Rialacha na scoile a phlé	
Nathanna Gaeilge a úsáid sa chaint agus scríbhneoireacht	
Achoimre a scríobh ar chuid de ghearrscannán	
Cárta poist a scríobh ó dhearcadh carachtair i ngearrscannán	
Mothúcháin i dtéacs a aithint agus a phlé in abairtí simplí gan Béarlachas	
Seicliostaí agus critéir ratha a úsáid chun féinmheasúnú agus piarmheasúnú a dhéanamh	
Ais-eolas a úsáid chun feabhas a chur ar mo chuid oibre	
Focail a lorg ar fhoclóirí	
Taighde a dhéanamh ar ghné amháin den Ghaeltacht	

Sin deireadh an dáileáin a scaipfinn amach.

Ar an dá leathanach eile tá rólghlacadh a úsáidim. Fuair mé an smaoineamh ó teg.

Oibríonn sé go maith le daltaí drogallacha mar tá ar na daltaí iad féin a cheartú (leanann siad na treoracha Béarla agus úsáideann siad an Ghaeilge chun a gcara a cheartú / chun cabhrú lena gcara srl). Is féidir iad bheith ag iarraidh a lán cabhrach an chéad, an dara agus an tríú uair ach tagann feabhas orthu.

Go n-éirí libh agus le bhur ndaltaí go léir!

Rólghlacadh A

Say hello and introduce yourself.

Dia is Muire duit. _____ is ainm dom.

Ask if he lives in Enniscorthy.

Tá. Tá mé i mo chónaí i lár an bhaile. Bhog mé anseo anuraidh.

Say that you live in the middle of the town too. Ask him where he's from.

Is as Corcaigh mé. Fuair mo mháthair post sa bhunscoil anseo. Cad as duitse?

Tell them you're from Enniscorthy. Ask them if they like the place.

Is breá liom é. Tá an ceantar go hálainn agus tá an scoil níos fearr i mo thuairim freisin.

Tell them you like the school too and that the sports facilities are excellent. Ask them if they have a lot of friends here.

Tá. Bhí uaigneas orm i dtosach áfach. Tá a lán cairde agam anois. Tá na daltaí go léir cairdiúil agus cainteach.

Say 'excellent!' Tell them the class is starting now. Ask them if they are learning French or German.

Tá mé ag foghlaim Fraincise. An bhfuil tú ag foghlaim Gearmáinise?

Say no and that you're learning French too. Ask them if they like the class.

Is maith liom é. Tá an teanga deacair; Déanaim botúin gach lá ach tá an rang taitneamhach. An maith leatsa é?

Say that you love it and that you were in Belgium last year and French is spoken there. Ask them if they were in Belgium.

Ní raibh ach ba bhreá liom dul ann. Beidh mé ag éisteacht go géar leis an múinteoir!

RÓLGHLACADH B

Dia duit. _____ is ainm dom.

Greet him back, and tell him your name.

An bhfuil tú i chónaí in Inis Córthaidh?

Say yes, you live in the middle of the town and you moved here last year.

Tá mise i mo chónaí i lár an bhaile freisin! Cad as duit?

Say that you're from Cork and your Mam got a job in the primary school here. Ask him where he's from.

Is as Inis Córthaidh mé. An maith leat an áit?

Say that you love it. Say that the area is beautiful and the school is better too in your opinion.

Is maith liomsa an scoil freisin. Tá na háiseanna spóirt ar fheabhas. An bhfuil a lán cairde anseo?

Say yes. Say that you were lonely at first however. Say that you have a lot of friends now and that the students are all friendly and chatty.

Go hiontach! Tá an rang ag tosú anois. An bhfuil tú ag foghlaim Fraincise nó Gearmáinise?

Say you're learning French. Ask if he is learning German.

Níl. Tá mé ag foghlaim Fraincise freisin. An maith leat an rang?

Say that you like it. Say the language is difficult. Say that you make mistakes every day but the class is enjoyable. Ask if he likes it.

Is bréa liom é. Bhí mé sa Bheilg anuraidh agus labhraítear Fraincis inti. An raibh tú sa Bheilg riamh?

Say no, but that you'd love to go. Say that you will be listening closely to the teacher.